- B. Guilfoyle agus W. Klingenberg, Geodesic flow on the normal congruence of a minimal surface, Imeachtaí i gcuimhne ar Sasha Reznikov, Birkhauser, (le teacht amach). (measúnaithe)
- G. Helleloid, M. Khalid, P. Matchett, D. Moulton, Graph pegging numbers, Discrete Mathematics (le teacht amach). (measúnaithe)
- M. Khalid, Group law on elliptic curves, Bulaitín Chumann Matamaitice na hÉireann (le teacht amach). (measúnaithe)
- Páipéirí/Leabhair/Caibidlí Leabhair**
- B. Guilfoyle agus W. Klingenberg, Isolated umbilical points on surfaces in R^3 , Bullaitín an Chumann Matamaitice Gréigí 51 (2006) 23-30.
- B. Guilfoyle agus W. Klingenberg, Reflection of a wave off a surface, Iris na Geoméadrachta 84 (2006) 55.72.

- B. Guilfoyle agus W. Klingenberg, On Hamilton's characteristic functions for reflection, *Bullaitín Chumann Matamaictice na hÉireann* 57 (2—6) 29-40
- B. Guilfoyle agus W. Klingenberg, Reflection in a translation invariant surface, *Math. Phys. Anal. Geom.* 9 92006) 225-231.
- B. Guilfoyle agus W. Klingenberg, Geodesic Flow on global holomorphic sections of TS^2 , *Bullaitín Chumann Matamaictice na Beilge Simon Stevin*, (á chló).
- A. Gallagher, agus M. Ó Laoire, (2007) *Language Education in Ireland: Current Practice agus Future Needs*. Baile Átha Cliath: Cumann na Teangeolaíochta Feidhmí
- M. Ó Laoire, (2007) *Language use and language attitudes in Ireland: I D. Lasagabaster agus A. Hugué (eagarthóirí). Multilingualism in European Bilingual Contexts*. Lgh. 164-183 Clevedon/Búfalo/Toronto: Multilingual Matters.
- M. Ó Laoire. (2007) *Múineadh na Gaeilge agus nuatheangacha eile: polasaí agus pleanáil teanga in Gallagher, A agus Ó Laoire, M (eagarthóirí) Language Education in Ireland: Current Practice and Future Needs*. Lgh. 1-23 Baile Átha Cliath: Cumann na Teangeolaíochta Feidhmí
- M. Ó Laoire, agus L. Aronin, (2006) *Thinking of Multilinguality 'my self' or 'my various selves'?: An exploration of the identity of multilinguals. I: Proceedings of the Fourth International Conference on Third Language Acquisition and Multilingualism Fribourg/Freiburg agus Biel/Bienne, An Eilvéis 8-10 Meán Fómhair 2005 CD ROM Claudine Brohy; Christine Le Pape Racine (eagarthóirí)*
- C. M. Ó Tuathaigh, D. Babovic, G. O'Meara, JJ Clifford, DT Croke, JL Waddington. Susceptibility genes for schizophrenia: characterisation of mutant mouse models at the level of phenotypic behaviour. *Neurosci Biobehav Rev.* 2007;31(1):60-78. Epub 2006 19 Meith.
- M.C. Hall, (2006) *The effect of oxysterols, individually and as a representative mixture from food, on bovine ovarian granulosa cells. Molecular and Cellular Biochemistry.* 292:1-11.
- E.F. Broderick, H.J. Lyons, T. Pembroke, H. Byrne, B. Murray agus M.C. Hall (2006). *The characterisation of a novel, covalently modified, amphiphilic alginate derivative which retains gellitic and non-toxic properties. Glactha leis i gcomhair a fhoilsithe i Journal of Colloid and Interface Science.* 298:154-161.
- M.C. Hall, B. O'Brien, T. McCormack (2007). *Equal producer status, salivary estradiol profile and urinary excretion of isoflavones in Irish Caucasian women, following ingestion of soymilk. Steroids* 72: 64-70.
- C. Rigg, K. Trehan, R Vince & M. Reynolds (2007). *I Handbook of Experiential Learning Oxford: OUP le teacht amach (2007). 'Working with Experiential Learning – A Critical Perspective in Practice.'*
- B. McCarra (2006). *The Natural Products Research and Development Centre (NPRDC) I: Irish Scientist*, iml. 14, lth. 51.
- S. O'Connell agus G. Walsh (2007). *Production, purification and characterisation of fungal β -galactosidases of potential commercial interest. Á chló Journal of Applied Biochemistry and Biotechnology.*
- S. O'Connell agus G. Walsh (2006). *Comparison of selected physiochemical characteristics of lactases from over the counter lactase digestive supplements relevant to their application in the alleviation of lactose intolerance. Journal of Applied Biochemistry and Biotechnology*, 134,2, 179-192.
- S. O'Connell agus G. Walsh (2006). *Purification and properties of a β -galactosidase with potential application as a digestive supplement. Arna chur isteach chuig Enzyme and Microbial Technology.*
- C. Rigg, K. Trehan, (2007) (le teacht amach). *'Working with Experiential Learning – A Critical Perspective in practice'* i R. Vince & M. Reynolds *Handbook of Experiential Learning Oxford; OUP.*
- C. Rigg (2007). *'Corporate Technocrats or World Stewards? – What's the Point of Management Development'* i R. Hill & J. Steward's *Management Development London: Routledge.*
- C. Rigg, K. Trehan & C. Elliott (2007) (le teacht amach). *'Dancing in the Dark: A Critically Engaging Waltz' – an 5ú Comhdháil Idirnáisiúnta um staidéir ar bhainistiú Criticiúil, Scoil Ghnó Mhanchain (11-13 Iúil 2007).*

C. Rigg & K. Trehan (2007). 'Critically relective Practice in Management Learning and Development' – an 8ú Comhdháil Idirnáisiúnta ar Thaighde ar Fhorbairt Acmhainní Daonna (HRD) agus Chleachtas thar an Eoraip. Ollscoil Brookes Oxford, R.A., (27-29 Meitheamh).

C. Rigg & D. Bane (2006). 'Rural microbusiness transition to SMEs – challenges for Irish policy makers' Comhdháil ISBE 2006 – Fiontraíocht idirnáisiúnta Cardiff (31 Deireadh Fómhair – 2 Samhain).

C. Rigg & D. Bane (2006). 'Policies for stimulating Knowledge-based start-ups/microenterprises in rural Ireland' Comhdháil ISBE 2006 – Fiontraíocht idirnáisiúnta Cardiff (31 Deireadh Fómhair – 2 Samhain).

Farrell, Martha agus Sheila O'Mahony (2007), 'Measuring Service Quality in Higher Education' i C. Domegan agus D. Fleming, Marketing Research in Ireland: Theory and Practice, 3ú Eagrán, Gill and Macmillan, Baile Átha Cliath, lgh. 71-75.

Jose J. Ramon Mari, On the Hodge conjecture for products of certain surfaces, *Collectanea Mathematica* (le foilsíú).

Jose J. Ramon Mari, On the Lefschetz standard conjecture, *Communications in Mathematics* (le foilsíú).

C. Rigg (2007) 'Working with Experiential Learning: A Critical Perspective in Practice' i dteannta le K. Trehan i Michael Reynolds agus Russ Vince (eagarthóirí). *Handbook of Experiential Learning and Management Education*, arna fhoilsiú ag Oxford University Press.

O'Doherty, Colm (2007) 'A New Agenda for Family Support, Providing Services that Create Social Capital' Ian Grout agus Joseph Walsh, "Microelectronic Circuit Test Engineering Laboratories with Programmable Logic", *International Journal of Electrical Engineering Education (IJEED)*, Iml. 41, Uimh. 4, Deireadh Fómhair 2004. Athbhreithniú Piaráí.

Fitzpatrick, C., Walsh, J., Quinn, P., Grout, I. agus Lewis, E. "Reproducible coating and testing techniques for large core luminescent clad optical fibre probes for UV detection" *Sensors and Actuators A: Physical* Volume 118, Eagrán 1, Lgh. 1-176, 31 Eanáir 2005. Athbhreithniú Piaráí.

J. Murphy, I. Grout, J. Walsh, T. O'Shea, "Local and Remote Laboratory User Experimentation Access using Digital Programmable Logic", *International Journal on Online Engineering, iJOE – www.i-joe.org* Iml. 1 Uimh 1 2005. ISSN: 1861-2121. Athbhreithniú Piaráí.

Babovic, D., O'Tuathaigh, C.M., O'Sullivan, G.J., Clifford, J.J., Tighe, O., Croke, D.T., Karayiorgou, M., Gogos, J.A., Cotter, D., Waddington, J.L. (2007) Explanatory and habituation phenotype of heterozygous and homozygous COMT knockout mice. *Behav Brain Res.* Samhain 2;183(2):236-9.

O'Tuathaigh, C.M., Babovic, D., O'Sullivan, G.J., Clifford, J.J., Tighe, O., Croke, D.T., Harvey, R., Waddington, J.L. (2007) Phenotypic characterization of spatial cognition and social behaviour in mice with 'knockout' of the schizophrenia risk gene neuregulin 1. *Neuroscience.* Meitheamh 15; 147(1):18-27.

Obair eagarthóra

Ó Laoire, M. agus Stenson, N *Journal of Celtic Language Learning* Iml. 11 (2007) NAACLT

C. Rigg, K. Trehan & J. Stewart (2006). Eagrán Speisialta den *International Journal of Training and Development: A Critical Turn in Human Resource Development*.

B. Guilfoyle, Bullaitín Chumann Matamaitice na hÉireann, Eagrán an Gheimhridh.

Forbairt an Champais

Ionad Leabharlainne agus Acmhainní

Cuireadh tús leis an dtionscadal seo i mí Dheireadh Fómhair 2007 agus tá dul chun cinn suntasach déanta air. Táthar ag súil le bogadh isteach i bhfoirgneamh an Ionaid i mí na Nollag 2008. Beidh achar urláir 3,520 meadar cearnach sa bhfoirgneamh agus beidh slí do 450 léitheoirí ann mar aon le hoifigí agus limistéar riaracháin do

Roinn an Uachtaráin agus an Chláraitheora agus do Sheirbhísí do Mhic Léinn.

Fiarlán an BSL trí Chroicheantar

Socraíodh an Conradh seo i mí na Samhna 2007 agus críochnófar i samhradh 2008 é. Bainfear sranga BSL lastuas ó chroicheantar an Champais Thuaidh agus ar an gcuma seo déanfar slí luachmhar do láithreáin d'Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí agus do Pháirc Theicneolaíochta Chiarraí araon. Is togra comhoibre de chuid IIT agus PTC é seo.

Coigilt Fuinnimh

D'éirigh go hiontach ar fad le hiarrachtaí de chuid na nEastát ar Fhuinneamh a choigilt i 2007. Bhí an cruinniú tosaigh i mí na Nollaig 2006 leis an mBSL agus le linn an chéad sé mhí eile deineadh a lán obair chun an trealamh ábhartha tacaíochta agus gléasanna logála a shuiteáil chun na hoibreacha ábhartha a chur i gcrích. Thosnaigh an córas ag obair i mí an Mheithimh 2007 agus ón am sin amach laghdaíodh ídiú fuinnimh an Champais Thuaidh gach mí i gcomórtas le taifead ar úsáid an mhí roimis mar a bhí sé i 2006. Go deimhin, is féidir a fheiscint conas a d'éirigh leis sa mhéid go raibh, roimh an gcur i ngníomh i mí an Mheithimh 2006, an t-ídiú ag méadú go seasmhach de 6.1% isteach is amach, gach aon mhí ó mhí Eanáir go mí Bhealtaine (mí Bhealtaine san áireamh). Ar an dtaobh eile tháinig laghdú 11.7% ar an meán ar an ídiú fuinnimh in aghaidh na míosa i ndiaidh an chur i ngníomh ar an lú Meitheamh 2007, agus dob iontach ar fad an laghdú de 19.19% a tháinig ar an ídiú i mí na Nollag 2007.

Páirc Imeartha CLG/Páirc Imeartha Shintéiseach Rubair/Rian Reatha Bhrat Gainimh

Tá an Pháirc Imeartha Bhrat Gainimh CLG ar fáil ó dheireadh 2007 i leith agus tá baill d'fhoireann ITT, mic léinn dá cuid chomh maith mórán daoine ar an dtaobh amuigh ag cur suime san áis ar fad. Cuireadh sconsaí, cuailí cúil agus bacanna liathróide isteach i ndeireadh mhí Dheireadh Fómhair 2007 ar an mbrat gainimh CLG chun é a ullmhú i gcomhair úsáide mar caitheadh dóthain ama a thabhairt don mbrat féir chun fáis sara bhféadfaí úsáid a bhaint as.

Tá an-éileamh ar an bPáirc Imeartha Shintéiseach atá in aice leis an mbrat Gainimh CLG ach tá sé in áit ar leith. Baintear úsáid as go lánaimseartha istoíche agus bíonn an-chuid daoine ag lorg ama ar a sceideal.

I dtosach bhí 75% den obair ar an Rian Reatha Brat Gainimh déanta agus bhí sé á úsáid ag clubanna lúthchleasaíochta áitiúla Thrá Lí ar fud na bliana. Níor fhéadadh an 25% eile a chríochnú go dtí go raibh uasghrádú riachtanach déanta ar shreang aibhléise ag an mBSL, obair a críochnaíodh ina hiomláine i gcaitheamh 2007. Fanann ITT anois go dtí go mbeidh féar nádúrtha préamhaithe maith a dhóthain i bhfód an 25% den Rian Reatha Brat Gainimh agus meastar go mbainfear lán-úsáid as faoi Aibreán 2008.

I mí Iúil 2007 reáchtáladh Cluichí Pobail na Mumhan i dTrá Lí. Freastalaíonn lúthchleasaithe agus a dteaghlaigh agus a gcairde ó gach cearn den Mumhan ar na cluichí seo. Baineadh úsáid an Campas Thuaidh ITT agus as na háiseanna spóirt mar a luaitear thuas iad i gcomhair na gcluichí agus d'úsáideadh an Campas Thuaidh mar limistéar lainseála agus mar cheanncheathrú, leis, i gcomhair na hócáide mór le rá seo. Cuirtear na cluichí seo ar siúl i gceann gach tréimhse 6 bliana i gCiarraí agus tuairiscíodh gur éirigh thar cinn leis an ócáid ar fad. Fuair ITT an-chuid clúdaigh sna nuachtáin as an ócáid seo.

Seomraí gléasta

D'éirigh le Roinn na nEastát deontas 30% a fháil ón SEI chun 10 bpainéil ghréine agus 10 sraith d'fheadáin ghréine a shuiteáil lena soláthraítear uisce teasaí chuig na seomraí gléasta a thacaíonn leis an bPáirc Imeartha CLG/Páirc Imeartha Shintéiseach Rubair/Rian Reatha Brat Gainimh. Tá an trealamh ar fad curtha isteach i gcompún sábháilte in aice leis na seomraí gléasta. Deineadh na painéil seo a choimisiúnú agus soláthróidh siad uisce teasaí chuig na háiseanna sna seomraí gléasta. Tá rochtain tríd an gcompún chuig na painéil agus mórthimpeall orthu agus spreagfaidh Roinn na nEastát taighde ar mhaith le dreamanna a chuireann suim iontu a dhéanamh agus freastalóidh sí dóibh.

Crèche

Tá dul chun cinn maith déanta ag an dtogra seo agus meastar go mbogfar isteach i mí Mheán Fómhair 2008.

Ionad Gnó Tom Crean

Tá 14 cuideachtaí lonnaithe in Ionad Gnó Tom Crean faoi láthair. Ó d'osclaíodh é chuaigh 10 gcuideachtaí eile i mbun gnó lasmuigh den ionad agus tá 8 gcinn díobh i mbun gnó i gcónaí. Chuir na cuideachtaí seo 47 bpostanna do chéimithe ar fáil le linn na tréimhse seo. I 2008 seachadóidh an tIonad clár ardán fiontraíochta a threiseoidh a fheidhm i bhforbairt na fiontraíochta ar an gcampas.

D'fhorbair Ionad Gnó Tom Crean nascanna láidre le hÚdarás na Gaeltachta ar feadh 2007 ar fad agus sheachadaigh sé

roinnt cúrsaí i nGaeltachtaí Chorcaí agus Chiarraí araon mar gheall ar fhorbairt fiontair nua. Bhí an tIonad gníomhach, leis, i dtaobh Clár an Fhiontraí Óig a fhorbairt agus a chur chun cinn sa chontae.

Tuairisc ar Ghníomhaíocht Idirnáisiúnta

Mic Léinn ag teacht isteach

D'fháiltigh IT Thrá Lí roimh 145 mic léinn idirnáisiúnta ar chláraí staidéir mar a shonraítear thíos. Bhí 58 díobh seo ag gabháil do chláraí céime iomláine mar seo a leanas:

Clár Céime	Bliain	Mic Léinn
Baitsiléir Staidéir Ghnó le hOnóracha, Margaíocht	4	9
BA le hOnóracha, Bainistíocht	4	3
Baitsiléir Staidéir Ghnó le hOnóracha Cuntasaíocht	4	6
Baitsiléir Staidéir Ghnó le hOnóracha Turasóireacht/Teangacha	4	1
Baitsiléir Staidéir Ghnó Margaíocht	3	10
Baitsiléir Staidéir Ghnó Bainistíocht	3	6
Baitsiléir Staidéir Ghnó Turasóireacht	3	3
Baitsiléir Eolaíochta Ríomhaireachta Forbairt Bogearraí	3	7
Baitsiléir Eolaíochta Eolaíocht Anailíseach	3	4
BA le hOnóracha Ríomhghnó	4	2
Baitsiléir Eolaíochta le hOnóracha Ríomhaireacht – Forbairt Idirlín	4	2
Baitsiléir Innealtóireachta Innealtóireacht Mheicniúil agus Leictreach	3	4
BA le hOnóracha Bainistíocht Óstaíochta	4	1
Erasmus Measctha		58

Thóg an 87 mic léinn sa chlár 'Erasmus Measctha' rogha ábhar i gcomhair creidiúna acadúla ó chláraí sa Scoil Ghnó agus Staidéir Shóisialta, ó Eolaíocht agus Ríomhaireachta agus ó Innealtóireacht agus Staidéir Foirgníochta. Tháinig na mic léinn seo ó institiúidí comhpháirtíochta sa Bheilg, sa bhFrainc, sa Ghearmáin, san Iodáil, san Ísiltír, sa Phólainn, sa Spáinn agus sa tSualainn.

Mic Léinn ag dul amach

Bhí beirt mhac léinn (bean amháin agus fear amháin) ag staidéir thar lear i gcomhair an Bhaitisléara i Staidéir Gnó ag IPAG i Nice na Fraince, ó sna cláraí seo a leanas:

Clár	Mic Léinn
Baitsiléir Turasóireachta	2

Baill den bhFoireann Teagaisc ag dul amach

Chaith cúigear den bhfoireann teagaisc (3 ban agus 2 fhear) ón Scoil Ghnó agus Staidéir Shóisialta agus ó Scoil na hEolaíochta agus Ríomhaireachta seachtain in institiúid chomhpháirtíochta mar seo a leanas:

Ceann scríbe	Disciplín	Foireann
An Fhionlainn	Gnó	2
An Ghearmáin	Léann Daonna	1
An Ghearmáin	Staidéir Sóisialta	1
An R.A.	Matamaitic	1

Baill den bhFoireann ag teacht isteach

Bhí an institiúid ina hóstach do bhaill den bhfoireann teagaisc ó institiúidí comhpháirtíochta sa Bheilg, sa bhFrainc, sa Ghearmáin, sa bhFionlainn, sa Spáinn agus san Iodáil. As an ngníomhaíocht seo lean forbairtí leantacha ar mhodheolaíocht teagaisc agus ar ábhar teagaisc araon. Ar na disciplíní atá i gceist áirítear Gnó, Innealtóireacht, Turasóireacht, Teangacha agus Eolaíocht Ríomhaireachta. d'úsáideadh ECTS (Córas Eorpach Aistriú Creidiúna) i gcomhair na mac léinn go léir a bhí ag bogadh idir thíortha agus d'éascaigh sé sin cúrsaí aitheantais.

Bhí an Institiúid ina hóstach ar chuartheanna ó thíortha thar lear ar bhonn míosúil, d'fhonn comhoibriú i dtaighde, i bhforbairt curaclaim agus comhthograí a chur chun cinn.

Dianchlár

Ghlac ceathrar mac léinn ó ITT páirt i ndianchlár idirnáisiúnta i Margaíocht Idirlín, i mBainistíocht TF d'Fhiontair agus i R-ghnó i gColáiste Polaiteicnice Pirkanmaa na Fionlainne i mí Aibreán '07.

Chuir an Oifig Idirnáisiúnta le hócáidí a d'eagraigh an tÚdarás Ardoideachais, An Chomhairle do Mhic Léinn Eachtracha in Éirinn agus Coimisiún na hEorpa thar lear.

Ghlac an Institiúid páirt i gComhdháil Socrates a lean ar aghaidh ar feadh 2 lá ag Ollscoil na nEolaíochtaí Feidhmeacha, Heilbronn na Gearmáine, i mí Bhealtaine 2007.

Maoiníodh an chuid ba mhó de na gníomhaíochtaí thuas trí bhuiséad an Chlair Socrates a forlíonadh trí mhaoiniú institiúideach.

Roinn na Foghlama ar feadh an tSaoil

Cúrsaí Páirtaimseartha

Foras Bainistíochta na hÉireann Bliain 1
Foras Bainistíochta na hÉireann Bliain 2
ACCA Bliain 1
ACCA Bliain 2
Bonnchúrsa – Altranas
Bainistíocht Mhiondíola
BA le hOnóracha Staidéar Pobail
B Eol. GnáthAltranas
B Eol. le hOnóracha Altranas
Dearadh Intí
Bonnteastas Staidéar Gnó & Pobail
Staidéar Sóisialta Feidhmeach

Maoiniú

Fuarthas maoiniú ó FÁS i gcomhair 2 chlár:

Clár MBA – Bliain 1 - €45,000, d'úsáideadh an méid iomlán

Bainistíocht Miondíola – Bliain 1 bronnadh €47,250 agus d'úsáideadh €14,175 i gcomhair Bliain 1 2006/2007

Gníomhaíochtaí Margaíochta

Príomhimeachtaí

Oscailt na bPáirceanna Spóirt

D'oscail an Taoiseach, Parthalán Ó hEachthairn na Páirceanna Imeartha CLG uile-aimsire ar an 20ú Meán Fómhair 2006.

Comhdháilacha

Comhdháil RFID

D'eagraigh an Institiúid i dteannta leis an Aonad um Thaighde Staitéiseach Soghluaiseachta agus Rochtana gan Sreang ócáid chun feasacht ar Aithint Radaimhinicíochta a chur chun cinn. Reáchtáladh an Chomhdháil Ireland Live and Interactive RFID4SME – ar an 28ú Márta in Óstán Woodlands, Áth Dara, Co. Luimní.

Dob í sprioc na comhdhála seo a thaispeáint conas a fhéadann Aithint Radaimhinicíochta dul chun leasa do chuideachtaí i réimsí ar nós Déantúsaíochta, Iompair/Loighistice, Cúram Sláinte/Cógasaíochta, Miondíola agus Cosaint Aerospáis. Bhí deis ag na toscairí nithe nua a fhoghlaim faoi príomhfheidhmchláracha, rianú agus lorg chomh maith le rianú sócmhainní.

Ba é Mick Keyes, Altaire Sinsearach Réitigh ó Hewlett Packard a thug an príomhthaispeáint. Bhí Oracle, e-Fast, Automatic Labelling agus Comhairle Chontae Chiarraí ar na dreamanna a chuir staidéir cháis mar gheall ar Aithint Radaimhinicíochta i láthair chomh maith.

Comhdháil Cumann Cuntasaíochta agus Airgeadais na hÉireann

Bhí Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí ina hóstach don 20ú comhdháil bhliantúil de chuid Cumann Cuntasaíochta agus Airgeadais na hÉireann ar an 10ú agus 11ú Bealtaine 2007. Cuireadh suim inti ó mhórán réimsí agus d'fhreastal breis is 120 cuntasóir uirthi. Ina dteannta sin ghlac lucht acadúil ó gach Ollscoil agus Institiúid Teicneolaíochta in Éirinn páirt inti agus tháinig toscairí idirnáisiúnta ó thíortha i bhfad ó bhaile, ó Cheanada agus ón Nua Shéalainn fiú amháin.

Ag an ócáid seo a mhair ar feadh dhá lá cuireadh sraith de sheimineáir agus de sheisiúin iomlánacha ar siúl. Pléadh

na nuálaíochtaí is déanaí ar an gcuntasáíocht agus ar airgeadas i 45 cinn de pháipéirí taighde ar mórán réimsí den gcuntasáíocht. In aitheasc iomlánach leis an Ollamh Stan Brignall (Scoil Ghnó Aston, Birmingham) pléadh na leasuithe is déanaí ar thomhas feidhmíochta eagraíochtaí san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí araon.

Ba thréith nua den gcomhdháil é go raibh gné aici a bhí neamhdhíobhálach don timpeallacht. Cuireadh deireadh ar fad le scaipeadh páipéir mar tugadh gach ceann de sna páipéirí taighde do thoscáirí na comhdhála ar mhéirín chuimhne go raibh méid ab ionann agus 2000 leathanach eolais i ngach ceann díobh. Dob'fhéidir an cur chuige nuálaíoch seo a chur i ngníomh de bharr na n-áiseanna teicneolaíochta fíormhaithe atá san Institiúid. Bhí rochtain láithreach ríomhaire ag na toscáirí ar an eolas a cuireadh i láthair. Cur chuige nua chun comhdháil a réachtáil ab ea é seo agus is dócha go reachtálfar comhdhálacha ar an gcuma seo go minic amach anseo.

Feachtais Mhargaíochta

Feachtas Earcaíochta i dtaobh Iarchéimithe

Le linn mí na Márta agus mí Aibreáin 2007 cuireadh feachtas ar siúl chun cúrsaí iarchéime de chuid na hInstitiúide a chur ar aghaidh. Mar chuid den bhfeachtas cuireadh fógraí i nuachtáin áitiúla i gCiarraí, i gCo. an Chláir agus i gCo. Luimní. Reachtáladh ócáid oscailte Dé Luain 26ú Márta ag a raibh léachtóirí agus bail den bhfoireann ar fáil chun deiseanna a phlé leo siúd bhí ag cuimhneamh ar cur isteach ar chúrsaí iarchéime. Fógraíodh an ócáid oíche seo i gcló agus trí fhógraí raidió.

Feachtas i dtaobh Fochéimithe

Bhí Lá Oscailte ar siúl ar an 20ú Samhain 2006 gur reachtáladh Cainteanna agus Taispeántais faoi Ghairmeacha, turas timpeall ar áiseanna an Champais agus Eolas ar Iontráil agus Clárú. Bhí seisiún oíche ar siúl, leis, mar aon le Seimineár ar Ghairmeacha. Ba le mír cheithre leathanach sna nuachtáin Kerryman, Kerry's Eye, Limerick Leader, Clare Champion, Southern Star agus The Kingdom a cuireadh tús le feachtas chun fhochéimithe a earcú i mí Eanáir 2007. Mar chuid den bhfeachtas craoladh fógraí ar Raidió Chiarraí, leis. I mí Feabhra '07 reachtáladh feachtas fógraíochta ar an raidió agus sna nuachtáin araon chun scoláireachtaí spóirt a chur ar aghaidh.

Bhí seisiún eolais bliantúil ITT do phríomhoidí agus do chomhairleoirí treorach scoile ar siúl ar an 11 Deireadh Fómhair 2006. Sa seisiún cuimsíodh breac-chuntas ar fhorbairtí reatha agus fhorbairtí beartaithe san Institiúid chomh maith le roinnt láithreoireachtaí ó chainteoirí ó earnáil an tionscail.

Bhí an feachtas de chuid na Lároifige Iontrála 'Change of Mind' ar siúl ón **19 Meitheamh go dtí an 30 Meitheamh 2007**, Leis an bhfeachtas seo cuireadh cúrsaí LOI ar aghaidh díreach roimh dháta deiridh an fheachtais Change of Mind i mí Iúil 2007. Chomh maith leis sin cuireadh ionadaíthe ón Institiúid faoi agallamh ar Raidió Chiarraí, ar Clare FM agus ar Limerick Live 95FM, chun cláracha atá á dtairiscint ag an Institiúid a phlé agus chun leideanna a thabhairt do mhic léinn a bhí ag cuimhneamh ar athrú a dhéanamh ar a roghanna tosaíochta LOI.

Caidreamh Poiblí

Dhein nuachtáin áitiúla agus réigiúnacha an-chuid tuairiscithe sa phreas ar Institiúid Teicneolaíochta ar fud na bliana. Tuairiscíodh faoi príomhócáidí, bhronntaí agus faoi láithreoireachtaí a cuireadh ar siúl ag an Institiúid.

Glaoch ar thairiscintí i ndáil le Brandáil agus Caidreamh Poiblí

Chuir Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí agus Páirc Theicneolaíochta Chiarraí glaoch ar thairiscintí amach i gcomhar a chéile. Ba iad príomhchuspóirí an togra ná:

- An fhís atá á roinnt acu agus tiomantas an dá eagraíocht a chur in iúl go héifeachtúil chun an t-oideachas a chomhtháthú go réidh leis an bhfiontar i suíomh comhroinnte.
- Aird a dhíriú ar méid an chomhoibrite atá ar siúl idir Páirc Teicneolaíochta Chiarraí agus ITT agus ar na gnéithe sainiúla a mheallfadh mic léinn de bharr an dá rud a bheith ar fáil i dteannta a chéile.
- Próifíl níos treise a dhéanamh in ionad an mhargaidh.
- Aitheantas ar na haonáin/na gníomhaíochtaí scoite atá sa gcomhshuíomh faoi láthair a éascú i gcónaí chomh maith le cinntiú go leanfaidh siad orthu ag fás
- Bronnadh an conradh ar Creative Inc (Branding) agus Pembroke Communications (Public Relations). Thugadar faoin obair i mí Mheán Fómhair 2007.

SCOIL AN STAIDÉAR GNÓ AGUS AN STAIDÉIR SHÓISIALTA

Deineann Scoil an Staidéar Gnó & an Staidéir Shóisialta cláracha a sheachadadh ar leibhéal an Ardteastais, na Gnáthchéime agus na hArdchéime. Tá roinnt mac léinn iarchéime sa Scoil a bhfuil ardchéimeanna ar siúl acu trí thaighde. Leagtar béim mhór i ngach clár ar nua-theicneolaíochtaí eolais.

Cuimsítear trí roinn sa Scoil Ghnó:

Gnó & Daonnachtaí
Gnó & Faisnéisíocht
Óstáin, Lónadóireacht & Turasóireacht

Baill nua den bhfoireann acadúil

Aileen Kennedy
Nóra Máire Ní Mhurchú
Áine Murray
Donnacha Toomey

Cúrsaí Nua:

Baitsiléir Gnó - Ealaíona Cócaireachta
Baitsiléir Gnó sa Bhainistíocht
Baitsiléir Ealaíona (Onóracha) in Oideachas i gCúram Luath Óige
Baitsiléir Gnó (Onóracha) sa Turasóireacht
Baitsiléir Gnó (Onóracha) sa Turasóireacht & i dTeangacha

Cúrsaí atáthar ag forbairt:

Ardteastas i mBainistíocht Mhiondíola
Máistreacht i Riarachán Gnó
Ardteastas Ealaíona i Staidéar Pobail


Leanadh den bpleanáil do Chomhdháil AEHT (le bheith ar siúl i Samhain 2006).

Ghlac an Institiúid páirt i bhFoireann Ghníomhaíocht Fiontar Chiarraí (KEAT) mar mhaithe le fiontraíocht a fhorbairt agus a chur chun cinn sa chontae.

Ceann na Scoile:

Ceann na Roinne (Gnó & Daonnachtaí)
Ceann Roinne: Staidéar Gnó
Ceann na Roinne (Gnó & Faisnéisíocht)
Ceann na Roinne (Óstáin, Lónadóireacht & Turasóireacht)

Brian O'Connor, Uas.
Pat McGarty, Uas.
Aisling Shearky
Kay Fitzgerald
Mary Rose Stafford



SCOIL NA HINNEALTÓIREACHTA AGUS AN STAIDEÁR FOIRGNÍOCHTA

Soláthraíonn an Scoil réimse leathan de chúrsaí Ardteastas, Gnáthchéime agus cúrsaí céime le honóracha atá bailíochtaithe ag Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna. Féadfaidh mic léinn céimeanna a bhaint amach i Máistir Innealtóireachta iarchéime trí mheán an taighde.

Soláthraítear Céim 4 agus Céim 6 de na modúil printíseachta i Meicníocht na Talmhaíochta agus na Cearpantóireachta & Siúinéireachta, chomh maith.

Cuimsítear dhá Roinn i Scoil na hInnealtóireachta agus an Staidéar Foirgníochta:

- Innealtóireacht Talmhaíochta agus Déantúsaíochta
- Innealtóireacht Shibhialta agus Foirgníochta

Bhí Scoil na hInnealtóireachta ar cheann de na scoileanna a bunaíodh ar dtús san Institiúid. Tá sí suite ar an gcampas Theas gar do lár bhaile Thrá Lí. Tairgeann an dá Roinn cúrsaí éagsúla san Innealtóireacht Shibhialta, Foirgníochta agus in Innealtóireacht Talmhaíochta agus Déantúsaíochta. Is féidir le céimithe ón dá Roinn fostaíocht a oireann dóibh a aimsiú nó leanúint dá gcuid oideachais go leibhéal níos airde, is cuma más céim le honóracha, gnáthchéim nó ardeastas, atá bainte amach acu.

Leagann an cumasc idir an teoiric agus an phraitic i gcláracha na Scoile bonn láidir síos chun slí bheatha fóna a bhaint amach san Innealtóireacht nó sa bhFoirgníocht.

Tá conairí dul chun cinn ann laistigh den Scoil ón Ardeastas ar aghaidh go dtí leibhéal na hiarchéime. Tá an rogha ag mic léinn tuilleadh cúrsaí tríú leibhéal a dhéanamh in Institiúidí Ardoideachais eile más mian leo.

Tá ball foirne amháin ceaptha ag an Scoil mar Oifigeach Faofa Réamhfhoghlama na Scoile. Oibríonn an t-oifigeach sin i gcomhar leis na boird a riarann cúrsaí na Scoile agus le Comhairle Acadúil na hInstitiúide d'fhonn go bhféadfadh iarratasóirí neamhchaighdeánacha creidiúint a fháil d'fhoghlaim roimhe sin ar chláracha na Scoile.

Tá naisc láidre gaibhnithe ag an Institiúid agus ag Scoil na hInnealtóireachta le lucht tionsclaíochta. Forbraíodh gach cúrsa dáлта Bhainistíocht Áiseanna, Innealtóireacht Mheicniúil & Leictreonach agus Beacht-innealtóireacht san Institiúid i bhfianaise shainriachtanais na tionsclaíochta.


Áirítear iad seo a leanas ar saotharlanna úrscothacha atá ar fáil do sna mic léinn:

- Saotharlanna líníochta agus dearaidh ríomhchuidithe
- Ceardlanna san Innealtóireacht Talmhaíochta
- Saotharlann Struchtúr
- Saotharlann i gcomhair Thástáil Asfailt & Coincréite
- Saotharlann i gcomhair Thástáil Ithreacha
- Saotharlann i gcomhair Mheicnice Shreabhánaí
- Saotharlann i gcomhair Innealtóireacht Eolaíochta
- Saotharlann i gcomhair Rialú Próisís
- Saotharlanna Ríomhaireachta
- Saotharlanna Innealtóireachta Leictreonaí
- Saotharlanna Innealtóireachta Meicniúla agus ceardlann

Táthar tar éis acmhainní i dtrealamh a chur le chéile thairis na mblianta sa Scoil, a mhaoinigh an rialtas tríd an deontas athfhillteach agus trí threalamh a dheonaigh lucht tionsclaíochta. Mar thoradh ar an trealamh seo a deonaíodh is féidir leis an Scoil cúrsaí a chur ar fáil nach bhféadfá a dhéanamh dá cheal.

Is ábhar imní do lucht na Scoile Innealtóireachta go bhfuil laghdú de bhreis is 80% i líon na mac léinn sna cúrsaí a bhaineann le déantúsaíocht lena n-áirítear innealtóireacht mheicniúil agus cúrsaí leictreonaice nuair a chuirtear líon na mac léinn a glacadh isteach sna cúrsaí seo i Meán Fómhair 2006 i gcomparáid le líon na mac léinn a tháinig chugainn i Meán Fómhair 1998, biodh go bhfuil líon na mac léinn san innealtóireacht shibhialta agus i staidéar foirgníochta slán i gcónaí.

Léirítear an laghdú sin i líon na mac léinn sna cúrsaí déantúsaíochta sa chairt seo.



Tábla 1: Laghdú i Líon na Mac Léinn sna cúrsaí déantúsaíochta in Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí 1998-2006

Chuir an laghdú sin i líon na mac léinn iachall ar an Scoil roinnt cúrsaí san innealtóireacht déantúsaíochta a iamd. Má leanann an laghdú sin i líon na mac léinn atá ag cur isteach ar innealtóireacht déantúsaíochta laghdófar a thuilleadh ar líon na gcúrsaí sin a bheidh ar fáil.

Ábhar imní don Scoil go bhfuil líon na mac léinn trí chéile atá ag cur isteach ar chúrsaí san innealtóireacht déantúsaíochta ag laghdú i gcónaí agus an deasca a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar thionscal an déantúsaíochta sa bhfadtearma

Ceann Scoil na hInnealtóireachta:

Kevin Lynch Innealt. Diop. MIE, Innealt. Shibh., F.IEI, M.SME, M. I.Agr.E.

Ceann na Roinne: Innealtóireacht Shibhialta & Foirgníocht :

John Murphy, B. Innealt., C. Eng., F.IEI.

SCOIL NA HEOLAÍOCHTA AGUS NA RÍOMHAIREACHTA

I Scoil na hEolaíochta agus na Ríomhaireachta cuirtear réimse leathan cúrsaí tríú leibhéal atá bailíochtaithe ag Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna ar fáil, ó Theastas Náisiúnta go leibhéal Máistreachta. Bhí beirt céimithe Dochtúireachta ag an Scoil agus bhí céimithe MEol sna Teicneolaíochtaí Oideachasúla aici den gcéad uair. Tá roinnt saintréithe ag baint leis an gclár seo – ba í seo an chéad uair gur seachadadh modúl chuig ITT ó choláiste thar lear mar chuid de sheachadadh lárnach (Memorial University Talamh an Éisc, FH Darmstadt) agus ba í an chéad uair a thug ITT modúl ó sheachadadh lárnach chuig coláiste thar lear (chuig Darmstadt na Gearmáine trí chomhdháil fise). De bharr go bhfuil ag éirí go maith leis an tionscnamh seo forbrófar cúrsa Máistreachta arlíne i mBainistíocht Teicneolaíochta i gcomhpháirt le Memorial University i dTalamh an Éisc.

Bailíochtaíodh na cúrsaí seo a leanas i 2006/2007:

- Ardteastas Eolaíochta i Staidéar Bitheolaíoch agus Comhshaoil
- BEol (Onóracha) san Eolaíocht i mBitheolaíocht Fiadhúlra

Tháinig méadú 3% ar líon na mac léinn i gcomórtas leis an mbliain roimis go dtí 1,248 mac léinn (áirítear 386 mic léinn pháirtaimseartha orthu sin).

Cuireadh an tIonad Náisiúnta do Ghníomhaíocht Oiriúnaithe Choirp ar bun in IT, Trá Lí i gcomhpháirtíocht le Comhairle Spóirt na hÉireann. Tá de chuspóir ag an Ionad ceannaireacht, eolas agus traenáil a chur ar fáil i ndáil le spórt agus gníomhaíocht choirp do dhaoine faoi mhíchumas in Éirinn.

Seoladh an tIonad um Chur chun cinn Oideachais agus Cleachtais Idirghairme (CAIPE) in Éirinn i mí an Mheithimh 2007. Is í an fheidhm atá ag CAIPE in Éirinn ná an méid seo a leanas a chur ar fáil:

- Eolas mar gheall ar fhoghlaim idirghairme ina n-áirítear samplaí dea-chleachtais;
- Deiseanna chun eispéiris a mhalartú;
- Clár comhdhála, ceardlanna agus seimineáir;
- Rochtain ar thaighde a bhaineann le hábhar;
- Freagraí ar dhoiciméidí beartais thar ceann a chuid bhall agus ionadaíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta;
- Suíomh idirlín ar a dtugtar a lán eolais agus a thugtar cothrom le dáta go rialta.

Cuimsítear ceithre roinn i Scoil na hEolaíochta agus na Ríomhaireachta:

Ríomhaireacht & Matamaitic
Eolaíochtaí Ceimiceáin & Beatha
Staidéar Sláinte & Fóillíochta
Staidéar Altranais agus Cúram Sláinte

Tá an Scoil Eolaíochta & Ríomhaireachta an-ghníomhach i réimse an taighde agus tá iliomad nasc comhoibríthe aici le lucht tionsclaíochta. Faoi láthair tá 82 mhac léinn cláraithe do staidéar iarchéime (múinte agus trí thaighde). Bunaíodh Institiúid Taighde IT Thrá Lí mar bhonneagar rialachais agus mar fheidhmeannacht i leith an taighde go léir a dheintear faoi choimirce IT Thrá Lí. Deintear na Réimsí Taighde Straitéisigh a bhainistí laistigh den scoil roimis seo a bhainistiú tríd an Institiúid Taighde anois. Seo hiad na réimsí:

- Teicneolaíochtaí i mbéal a dtagtha amach: Gan sreang & Soghluaisteacht
- Acmhainní Nádúrtha & Bainistíocht ar an gComhshaol
- Altranais, Sláinte & Cúram Sláinte

Ceann na Scoile:	Séamus O'Shea, Uas.
Ceann na Roinne: Eolaíochtaí Ceimiceáin & Beatha:	Pat Flanagan, Uas.
Ceann na Roinne: Staidéar Sláinte & Fóillíochta:	Pat Flanagan, Uas.
Ceann na Roinne: Ríomhaireacht & Matamaitic:	Deirdre Lillis
Ceann na Roinne: Staidéar Altranais & Cúram Sláinte:	An Dr. Gary Brown

CLÁRACHA

Soláthraíonn IT Trá Lí réimse cláracha lánaimseartha i Staidéar Gnó & Sóisialta, Innealtóireacht & Staidéar Foirgníochta, agus Eolaíocht & Ríomhaireacht. Tá Údarás Tarmiligthe ag an Institiúid ó Chomhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna chun dámhachtainí a bhronnadh ag leibhéal 6,7, 8 agus 9 (cláracha múinte) den Chreatlach Náisiúnta um Cháilíochtaí.

Scoil Ghnó & Daonnachtaí:

HArdeastas i Staidéar Ardghnó
Ardteastas sa Ghnó & i dTeangacha (Fraincis)
Ardteastas sa Ghnó & i dTeangacha (Gearmáinis)
Ardteastas i Staidéar Gnó
Ardteastas sa Ghnó i gCórais Faisnéise Oifige

Baitsiléir Ealaíon i mBainistiú Córas Faisnéise
Baitsiléir Gnó i dTurasóireacht
Baitsiléir Gnó i dTurasóireacht mar aon le Teangacha
Baitsiléir Gnó in Ealaíon na Cócaireachta
Baitsiléir Gnó – Cuntasaíocht
Baitsiléir Gnó – Gnó Idirnáisiúnta
Baitsiléir Gnó – Bainistíocht
Baitsiléir Gnó – Margaíocht
Baitsiléir Ealaíon i Staidéar Sóisialta Feidhmeach i gCúram Sóisialta

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistiú Córas Faisnéise
Baitsiléir Gnó
Baitsiléir Gnó – Bainistíocht
Baitsiléir Gnó (Onóracha) i r-Ghnó
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCúram agus Oideachas Luath-óige
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Téatar Tuaithe
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistiú Fáilteachais
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) in Ilmheáin Idirghníomhacha
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Sóisialta Feidhmeach i gCúram Sóisialta

Cláracha de chuid Fáilte Éireann atá dá dtairiscint ag an Institiúid:
Teastas Náisiúnta i Seirbhís Beáir
Ardteastas i Staidéar ar Ghnó na Turasóireachta
Teastas Náisiúnta i gCócaireacht Ghairmiúil
Teastas Náisiúnta i gCócaireacht Ghairmiúil scaoileadh lae
Teastas Náisiúnta i Scileanna Turasóireachta
Teastas Náisiúnta i Scileanna Fáilteachais

Cláir Iarchéime

Máistreacht trí Thaighde
PhD trí Thaighde

Scoil na hInnealtóireachta

Ardteastas san Innealtóireacht in Innealtóireacht Shibhialta
Ardteastas san Eolaíocht i bhFoirgníocht
Ardteastas san Innealtóireacht in Innealtóireacht Talmhaíochta
Ardteastas san Innealtóireacht i nGléasra Tógála
Ardteastas san Innealtóireacht in Innealtóireacht na Déantúsaíochta
Ardteastas san Innealtóireacht in Innealtóireacht Mheicniúil
Ardteastas sa Teicneolaíocht Déantúsaíochta
Ardteastas sa Bheacht-innealtóireacht

Cearpantóireacht & Siúinéireacht FÁS Céim 4
Cearpantóireacht & Siúinéireacht FÁS Céim 6
Meicníocht Talmhaíochta FÁS Céim 4
Meicníocht Talmhaíochta FÁS Céim 6

Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Shibhialta
Baitsiléir Eol. i bhFoirgníocht
Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Talmhaíochta

Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Táirgeachta
Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Mheicniúil agus Leictreonaice

Baitsiléir Eol. (Onóracha) i mBainistíú Áiseanna
Baitsiléir Eol. (Onóracha) i mBainistíú Foirgníochta
Baitsiléir Eol. (Onóracha) i mBainistíú Déantúsaíochta

Máistreacht trí Thaighde
PhD trí Thaighde

Scoil na hEolaíochta

Ardteastas san Eolaíocht i Ríomhaireacht mar aon le Forbairt Bogearraí
Ardteastas san Eolaíocht i mBitheolaíocht Fheidhmeach
Ardteastas san Eolaíocht sa Cheimic Fheidhmeach
Ardteastas san Eolaíocht i Staidéar Sláinte & Fóillíochta
Ardteastas sa Ríomhaireacht i dTacaíocht do Theicneolaíocht an Eolais

Baitsiléir Eol. sa Ríomhaireacht - Forbairt Bogearraí
Baitsiléir Eol. in Eolaíocht Anailíseach
Baitsiléir Eol. in Eolaíocht Bhia
Baitsiléir Eol. i Staidéar Sláinte agus Fóillíochta
Baitsiléir Eol. i Staidéar Corpoideachais
Baitsiléir Eolaíochta i dTacaíocht don Teicneolaíocht Faisnéise

Baitsiléir Eol. (Onóracha) sa Ríomhaireacht mar aon le Forbairt Bogearraí
Baitsiléir Eol. (Onóracha) sa Ríomhaireacht le hIlmheáin
Baitsiléir Eol. (Onóracha) sa Ríomhaireacht le Staidéar Fiontraíochta
Baitsiléir Eol. (Onóracha) sa Ríomhaireacht le Forbairt Idirlín

Baitsiléir Eol. (Onóracha) Céim san Altranas Ginearálta
Baitsiléir Eol. (Onóracha) san Altranas - Altranas Síciatrach
Baitsiléir Eol. (Onóracha) in Eolaíocht Anailíseach
Baitsiléir Eol. (Onóracha) i Sláinte agus Fóillíocht
Baitsiléir Eol. (Onóracha) i Staidéar Corpoideachais

Máistreacht & PhD trí thaighde

Dioplóma Céime in Eolaíocht Shaotharlainne san Oideachas
Máistreacht Eol. in Eolaíocht Shaotharlainne san Oideachas
Gnáthchéim i Ríomhaireacht san Oideachas
Máistreacht Eol. i Ríomhaireacht san Oideachas
Máistreacht Ealaíon in Ardstaidéar Sláinte & Cúram Sóisialta

SCRÚDAITHEOIRÍ SEACHTRACHA

Ceapann Comhairle Náisiúnta na gCáilíochtaí Oideachais scrúdaitheoirí seachtracha d'fhonn rialú a chinntiú i gcaighdeáin na scrúduithe go ndeineann an Chomhairle monatóireacht orthu. Is féidir scrúdaitheoirí seachtracha a cheapadh i ndáil le clár ina iomláine nó i ndáil le hábhair ar leithligh.

Is iad feidhmeanna an scrúdaitheora sheachtraigh ná:

- Deimhin a dhéanamh go gcuirfear na caighdeáin chúí i bhfeidhm
- Deimhin a dhéanamh go mbeidh caighdeáin chomparáideacha idir institiúidí
- Dréachtaí na bpáipéirí scrúdaithe go léir, na bhfreagraí eiseamláireacha agus na scéimeanna marcála a bhreathnú, agus athbhreithnithe, ceartúcháin, leasuithe etc a dhéanamh, faoi mar is cuí leo iad
- Breith a thabhairt ar chuibheas an mharcála, ag gach leibhéal den aicmiú, den ábhar scrúdaithe a chuirtear faoi bhráid na n-iarratasóirí
- Cuairt a thabhairt ar an Institiúid uair amháin gach bliain acadúil

D'oibríodar seo leanas mar scrúdaitheoirí seachtracha don Institiúid sa bhliain acadúil 2006/2007.

Scoil Ghnó & Staidéar Sóisialta

John Andy Bonar , Uas.

Baitsiléir Ealaíona (Gnáthchúrsa) Staidéar Pobail
Baitsiléir Ealaíona (Onóracha) Staidéar Pobail
Baitsiléir sa Ghnó
Baitsiléir sa Ghnó (Onóracha)
Baitsiléir Ealaíon i mBainistiú Córás Faisnéise
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistiú Córás Faisnéise
Baitsiléir Gnó i dTurasóireacht
Baitsiléir i dTurasóireacht mar aon le Teangacha
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) in Ilmheáin Idirghníomhacha

Sean Connell, Uas.

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistiú Fáilteachais

An Dr. Máire Mhic Mhathúna

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCúram agus Oideachas Luath-óige

Deirdre Cole

Baitsiléir sa Ghnó in Ealaíon na Cócaireachta

Derek Mc Inerney, Uas.

Baitsiléir sa Ghnó
Baitsiléir sa Ghnó i nGnó Idirnáisiúnta
Baitsiléir sa Ghnó (Onóracha)

Mikael Fernstrom, Uas.

Baitsiléir Ealaíon i mBainistiú Córas Faisnéise
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistiú Córas Faisnéise
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) in Ilmheáin Idirghníomhacha

An Dr. Pat Finnegan

Máistreacht sa Ghnó (Sruth Fáisnéisíochta)

Richie Hoare, Uas.

Máistreacht i Riarachán Gnó

An Dr. Angela Lin

Máistreacht sa Ghnó (Mandairinis)

Cathal Kearney, Uas.

Bunteastas sa Ghnó agus i Staidéar Pobail
Ardteastas sa Ghnó (Ardghnó)
Ardteastas sa Ghnó
Ardteastas sa Ghnó mar aon le Fraincis
Ardteastas sa Ghnó mar aon le Gearmáinis
Baitsiléir sa Ghnó
Ardteastas sa Ghnó i gCórais Faisnéise Oifige
Baitsiléir Ealaíon i mBainistiú Córas Faisnéis
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistiú Córas Faisnéise
Baitsiléir sa Ghnó (Onóracha) ó thús

Noelle O'Connor

Baitsiléir Gnó i dTurasóireacht
Baitsiléir Gnó i dTurasóireacht mar aon le Teangacha

Tomas Mangan, Uas.

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistiú Óstáin
Baitsiléir Gnó i mBainistiú Beáir

Barry Donnelly, Uas.

Ardteastas i Staidéar Ardghnó
Ardteastas i Staidéar Gnó
Baitsiléir Gnó
Baitsiléir Gnó (Onóracha)
Baitsiléir Gnó (Onóracha) ó thús

An Dr. Áine De Róiste

Baitsiléir Ealaíon i Staidéar Sóisialta Feidhmeach i gCúram Sóisialta
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Sóisialta Feidhmeach i gCúram Sóisialta

Tom O'Connor, Uas.

Baitsiléir Ealaíon i Staidéar Sóisialta Feidhmeach i gCúram Sóisialta
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Sóisialta Feidhmeach i gCúram Sóisialta

An Dr. Brian Coates

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Téatar Tuaithe

Helen O'Doherty

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) in Ilmheáin Idirghníomhacha

Gerard O'Donovan, Uas.

Bunteastas i Staidéar Gnó agus Pobail
Ardteastas sa Ghnó i gCórais Faisnéise Oifige
Baitsiléir Ealaíon i mBainistiú Córas Faisnéise
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistiú Córas Faisnéise
Baitsiléir Gnó (Onóracha)
Baitsiléir Gnó (Onóracha) i r-Ghnó
Baitsiléir Ealaíon (ó thús) i mBainistiú Córas Faisnéise



An Dr. John O'Flynn

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Téatar Tuaithe

Gerard Phillips, Uas.

Baitsiléir Ealaíon i Staidéar Sóisialta Feidhmeach i gCúram Sóisialta
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Sóisialta Feidhmeach i
gCúram Sóisialta

Pat O'Neill, Uas.

Ardteastas in Oibríochtaí Miondíola
Baitsiléir Gnó i mBainistíocht Miondíola
Baitsiléir Gnó (Onóracha) i mBainistíocht Miondíola

An Dr. Aidan Daly

Ardteastas in Oibríochtaí Miondíola
Baitsiléir Gnó i mBainistíocht Miondíola
Baitsiléir Gnó (Onóracha) i mBainistíocht Miondíola
Máistreacht sa Ghnó

Grainne Daly

Baitsiléir Gnó i dTurasóireacht
Baitsiléir Gnó i dTurasóireacht mar aon le Teangacha

An Dr. Philip O'Reilly

Baitsiléir Ealaíon i mBainistíú Córas Faisnéise
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistíú Córas Faisnéise
Baitsiléir Gnó (Onóracha) i r-Ghnó

Deirdre Scott

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCúram agus Oideachas Luath-óige

An Dr. Teng Weilli

Máistreacht i nGnó (Mandairínis)

An Dr. Ann Thorne

Máistreacht i Riarachán Gnó

Scoil na hEolaíochta & na Ríomhaireachta**An Dr. James J. Brennan**

Ardteastas san Eolaíocht i mBitheolaíocht Fheidhmeach
Ardteastas san Eolaíocht i gCeimic Fheidhmeach
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) san Eolaíocht Anailiseach mar aon le
Forbairt Táirge/Próisis

Eamonn De Leastar, Uas.

Máistreacht Eol. sa Ríomhaireacht

An Dr. Deirdre Gilroy

Ardteastas san Eolaíocht i mBitheolaíocht Fheidhmeach
Ardteastas san Eolaíocht i gCeimic Fheidhmeach
Baitsiléir Eol. san Eolaíocht Anailiseach
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) san Eolaíocht Anailiseach mar aon le
Forbairt Táirge/Próisis

Paula Holt

MA in Ardsláinte agus i Staidéar Cúram Sóisialta
M. Eol. san Altranas

Jean Hughes

Ardteastas san Eolaíocht sa Ríomhaireacht
Ardteastas sa Ríomhaireacht i dTacaíocht don Teicneolaíocht
Faisnéise

Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht i bhForbairt Bogearraí
Baitsiléir Eol. (Onóracha) sa Ríomhaireacht i bhForbairt Bogearraí
Baitsiléir Eol. (Onóracha) sa Ríomhaireacht mar aon le Staidéar Fiontraíochta
Baitsiléir Eol. (Onóracha) sa Ríomhaireacht mar aon le Forbairt Cluichí
Baitsiléir Eol. (Onóracha) sa Ríomhaireacht mar aon le hIlmheáin
Baitsiléir Eol. (Onóracha) sa Ríomhaireacht mar aon le Teicneolaíocht Shoghluaiste
Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht mar aon le Tacaíocht don Teicneolaíocht Faisnéise
Máisteacht Eol. i dTeicneolaíochtaí Oideachasúla

An Dr. Liam Hennessy

Ardteastas san Eolaíocht i Staidéar Sláinte agus Fóillíochta
Baitsiléir Eol. i Staidéar Sláinte agus Fóillíochta
Baitsiléir Eol. (Onóracha) i Staidéar Sláinte, Aclaíochta agus Fóillíochta

Pauline Jordan

Ardteastas san Eolaíocht i Staidéar Sláinte agus Fóillíochta
Baitsiléir Eol. i Staidéar Sláinte agus Fóillíochta
Baitsiléir Eol. (Onóracha) i Staidéar Sláinte, Aclaíochta agus Fóillíochta

Audrey Chambers

Baitsiléir Eol. in Altranas (Carnadh Creidiúintí agus Creidiúnú Ábhar) Ard-dioplóma san Eolaíocht in Altranas (Altranas Seaneolaíoch)

An tOllamh Séamus Cowman

Baitsiléir Eol. (Onóracha) san Altranas Ginearálta
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) san Altranas Síciatrach

An Dr. Andy Fogarty

Ardteastas san Eolaíocht i mBitheolaíocht Fheidhmeach
Ardteastas san Eolaíocht i gCeimic Fheidhmeach
Baitsiléir Eol. in Eolaíocht Anailíseach
Baitsiléir Eol. (Onóracha) in Eolaíocht Anailíseach mar aon le Forbairt Táirge/Próisis

An Dr. R.H. Morgan

Máisteacht Eol. sa Ríomhaireacht
Máisteacht Eol. i dTeicneolaíochtaí Oideachasúla

Catherine Murphy

Baitsiléir Eol. i Staidéar Sláinte agus Fóillíochta
Baitsiléir Eol. (Onóracha) i Staidéar Sláinte, Aclaíochta agus Fóillíochta
Baitsiléir Eol. (Onóracha) i Staidéar Corpoideachais

Humphrey Murphy, Uas.

Ardteastas san Eolaíocht i Staidéar Sláinte agus Fóillíochta
Baitsiléir Eol. i Staidéar Sláinte agus Fóillíochta
Baitsiléir Eol. (Onóracha) i Staidéar Sláinte, Aclaíochta agus Fóillíochta
Baitsiléir Eol. (Onóracha) i Staidéar Corpoideachais

An Dr. Siobhan McClean

Ardteastas in Eolaíocht i mBitheolaíocht Fheidhmeach
Ardteastas in Eolaíocht i gCeimic Fheidhmeach
Baitsiléir Eol. in Eolaíocht Anailíseach
Baitsiléir Eol. (Onóracha) in Eolaíocht Anailíseach mar aon le Forbairt Táirge/Próisis

An Dr. Barry Feeney

Ardteastas san Eolaíocht i Ríomhaireacht
Ardteastas sa Ríomhaireacht i dTacaíocht don Teicneolaíocht Faisnéise
Baitsiléir Eol. sa Ríomhaireacht i bhForbairt Bogearraí
Baitsiléir Eol. (Onóracha) sa Ríomhaireacht i bhForbairt Bogearraí
Baitsiléir Eol. (Onóracha) sa Ríomhaireacht mar aon le staidéar Fiontraíochta
Baitsiléir Eol. (Onóracha) mar aon le Teicneolaíocht Shoghluaiste
Baitsiléir Eol. (Onóracha) sa Ríomhaireacht mar aon le Forbairt Cluichí
Baitsiléir Eol. (Onóracha) sa Ríomhaireacht mar aon le hIlmheáin
Baitsiléir Eol. sa Ríomhaireacht mar aon le Tacaíocht don Teicneolaíocht

John Sweeney, Uas.

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in Altranas Síciatrach
Ard-dioplóma san Eolaíocht in Altranas (Struchtúr Trasdula Speisialtóra)
Ard-dioplóma san Eolaíocht in Altranas (Idirghabhálacha Síceasóisialta ar Shláinte Mheabhrach)

An Dr. Evelyn Carnegie

Baitsiléir Eol. (Onóracha) i Staidéar Sláinte, Aclaíochta agus Fóillíochta
Baitsiléir Eol. (Onóracha) i Staidéar Corpoideachais

Leo Darcy, Uas.

Baitsiléir Eol. (Onóracha) san Altranas (Carnadh Creidiúintí agus Creidiúnú Ábhar)

Paul Campbell, Uas.

Ardteastas san Eolaíocht i Staidéar Foirgníochta
Baitsiléir Eolaíochta i Staidéar Foirgníochta

An Dr. Tadhg Brosnan

Ardteastas san Innealtóireacht in Innealtóireacht Talmhaíochta
Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Talmhaíochta

Liam Costello, Uas.

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistiú Innealtóireacht Déantúsaíochta

An Dr. John Donovan

Ardteastas san Innealtóireacht in Innealtóireacht Déantúsaíochta
Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Leictreonach agus Mheicniúil

Maeve Fitzpatrick

Ardteastas san Innealtóireacht in Innealtóireacht Mheicniúil
Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Táirgeachta

Dónal Collins, Uas.

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistiú Foirgníochta

Dave Halloran, Uas.

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistiú Áiseanna

Robert Hartle, Uas.

Ardteastas in Eolaíocht i Staidéar Foirgníochta
Baitsiléir Eolaíochta i Staidéar Foirgníochta

Rory Kilgallen, Uas.

Ardteastas san Innealtóireacht in Innealtóireacht Mheicniúil
Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Mheicniúil agus Leictreonach

Tomas O'Donoghue, Uas.

Ardteastas san Innealtóireacht in Innealtóireacht Shibhialta
Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Shibhialta

Michael O'Donoghue, Uas.

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistiú ar Innealtóireacht Talmhaíochta

Ian James Loynes, Uas.

Ardteastas in Innealtóireacht in Innealtóireacht Talmhaíochta
Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Talmhaíochta
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistiú ar Innealtóireacht Talmhaíochta

An Dr. Tony Murray

Ardteastas san Innealtóireacht in Innealtóireacht Shibhialta
Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Shibhialta

Tom King, Uas.

Ardteastas i nGléasra Tógála


Eugene O'Sullivan, Uas.

Baitsiléir Eol. (Onóracha) i mBainistiú Áiseanna
Baitsiléir Eol. (Onóracha) i nGléasra Tógála


STAITISTICÍ MAIDIR LE MIC LÉINN

Filleacháin Bhliantúla – Filleacháin maidir le Mic Léinn 2006/07


Clárúcháin tríú leibhéal d'réir Leibhéal Dámhachtana		Total No	Percentage
Bunchúrsa	Scoil an Staidéar Gnó	9	0.31%
Ardteastas	Scoil Ghnó agus Dhaonnachtaí	224	7.63%
	Scoil na hInnealtóireachta	191	6.51%
	Scoil na hEolaíochta – Eolaíocht Bheatha agus Fóillíocht	169	5.76%
	Scoil na hEolaíochta- Ríomhaireacht	72	2.45%
Gnáthchéim Náisiúnta	Scoil Ghnó agus Dhaonnachtaí	430	14.65%
	Scoil na hInnealtóireachta	112	3.82%
	Scoil na hEolaíochta – Eolaíocht Bheatha agus Fóillíocht	64	2.18%
	Scoil na hEolaíochta- Ríomhaireacht	17	0.58%
Cúrsaí Céime	Scoil Ghnó agus Dhaonnachtaí	366	12.47%
	Scoil na hInnealtóireachta	57	1.94%
	Scoil na hEolaíochta – Eolaíocht Bheatha agus Fóillíocht	93	3.17%
	Scoil na hEolaíochta- Ríomhaireacht	92	3.13%
	Scoil na hEolaíochta, Altranas	320	10.90%
Iarchéimithe	Scoil Ghnó agus Dhaonnachtaí	46	1.57%
	Scoil na hInnealtóireachta	1	0.03%
	Scoil na hEolaíochta- Ríomhaireacht	30	1.02%
	Scoil na hEolaíochta, Altranas	39	1.33%
	Scoil na hEolaíochta – Eolaíocht Bheatha agus Fóillíocht	62	2.11%
Óstán agus Lónadóireacht		119	4.05%
Printíseachtaí		422	14.39%
Iomlán an Choláiste:		2,935	100.00%




Clarúcháin tríú leibhéal, Fireannaigh




Clarúcháin tríú leibhéal, Baineannaigh



Clarúcháin tríú leibhéal de réir disciplín



Cúlra soch-eacnamaíoch na Mac léinn tríú leibhéal (Iontrálaithe Nua Amháin)



- Feirmeoirí
- Oibríthe a bhfuil a gcuntas féin acu
- Oibríthe lámhe gan oiliúint
- Oibríthe lámhe leath-oilte
- Oibríthe ard-ghairme
- Oibríthe idirmheánacha nach oibríthe láimhe iad
- Oibríthe talmahaíochta
- Na hoibríthe eile ar fad nach bhfuil eolas ar a gceirdeanna
- Fostaitheoirí/Bainisteoirí
- Oibríthe lámhe oilte
- Oibríthe gairme níos ísle

TUAIRISC AR SHEIRBHÍSÍ DO MHC LÉINN

Bíodh is nár tháinig aon athruithe móra ar líon na mac léinn ar an iomlán i 2006/2007 bhí na Seirbhísí do Mhic Léinn dá ndíriú ar an éagsúlacht atá ag teacht chun cinn de réir a chéile i bpobal na mac léinn agus ar na riachtanais agus na nithe a bhfuiltear ag súil leo dá thoradh. Thar gach aonní eile, tá an Institiúid agus Oifig na Seirbhísí do Mhic Léinn ina teannta, faoi bhrú nach beag freastal ar na dúshláin atá rompu de thoradh ar na hiarrachtaí a bhíonn á ndéanamh i gcónaí ar rannpháirtíocht na ndreamanna ainmnithe faoi ghannionadaíocht a d'aithin an tÚdarás Ardoideachais a mhéadú agus de thoradh go dtuigtear níos fearr de réir a chéile na sainriachtanais atá ag mic léinn idirnáisiúnta. Anuas air sin is dóigh linn ónár gcuid taithí ar an iliomad saincheisteanna agus a gcastacht san a bhíonn ag imirt ar na mic léinn nach mór dúinn athbhreithniú leanúnach a dhéanamh chun acmhainní a chur ar fáil atá ag teacht leis an tslí thapaigh ina bhfuil athruithe ag teacht ar an gCampas. Bíodh is go meastar go gcuirfidh modúlú agus seimeastrú le héifeachtacht ó thaobh soláthar agus seachadadh cúrsaí de cuirfidh siad brú sa bhreis ar mhic léinn agus ar sheachadadh seirbhísí do mhic léinn mar sin féin.

Oifig Rochtana

Chláraigh 155 mac léinn atá faoi mhíchumas, agus fuair 46 acu maoiniú €142,673 mhíle ó Chiste Sóisialta na hEorpa. Leithdháileadh €25,000 eile ó Tháille na Seirbhísí do Mhic Léinn chun tacú le mic léinn nach bhfuil an ciste thuas ag dul chun tairbhe dóibh. I ndiaidh Athbhreithnithe a dhein an tÚdarás Ardoideachais ar Chláraigh Rochtana ar fud na tíre táimid ag feitheamh le treoirleite maidir le Plean Comhtháite 3-bliana um Chláraigh Rochtana ón Institiúid a chur isteach chuige. De bhreis air sin cuirfidh an Ciste Straitéiseach um Nuálaíocht tacaíocht a bhfuil géarghá léi ar fáil chun tionscnaimh bheartaithe a chur chun cinn go comhoibríteach. Sa Tuarascáil 'AHEAD' ón mbliain 2004/2005 ar Sheirbhísí do Mhic Léinn faoi mhíchumas in Institiúidí Teicneolaíochta agus ar Rannpháirtíocht iontu dearbhaítear go bhfuil an Institiúid tiomanta do na mic léinn seo: tá an dara ráta is airde rannpháirtíochta san earnáil aici, is é sin, 5.50%, i gcomórtas le meánráta de 2.6%. Chuaigh 148 mic léinn lánfásta isteach sa chéad bhliain agus is ionann cuid na mac léinn lánfásta agus 17.8% de chohórt lánaimseartha iomlán na mac léinn. Chabhraigh cúnaimh do mhic léinn ó Chiste Sóisialta na hEorpa chomh maith le €7,165 ó Chaipitíocht le 223 mic léinn a raibh ganntanas airgid acu. Ceapadh comhordaitheoir don gclár Pathfinder, rud a chuaigh go mór chun tairbhe do mhéadú an chláir sin. Mheall an clár Sports4Success 74 daltaí bunscoile.

Cúram Sláinte

Láimhsigh an tIonad Sláinte 2,224 cuairteanna ó mhic léinn gur scrúdaigh an t-altra gach aon ceann díobh. D'fhreastail an dochtúir ar 1,293 cinn agus thug altra na hInstitiúide cóireáil do 931 díobh. De bhreis air seo thug an dochtúir cóireáil do roinnt mhac léinn lasmuigh d'uaireanta Ionad Sláinte ITT ina chlinic féin. I measc an iliomad fadhbanna a bhí ar mhic léinn a tháinig chuig an Ionad Sláinte, bhí fadhbanna coirp, síciatracha agus síceolaíochta agus bhain formhór díobh le stil bheatha, saincheisteanna pearsanta agus le strus is gortú a bhain dóibh ina gcúrsaí nó ina gcuid staidéir. Bhí Clinicí Sláinte agus imeachtaí chun an tsláinte a chur chun cinn ina chuid thábhachtach d'obair an Ionad Sláinte i gcónaí. Chuir méadú ar theagmhais ghéarchéime ar an gcampas brú breise ar an tseirbhís shláinte agus anuas air seo tá de heacracht ann go gcaithfidh an tseirbhís freastal ar an dá champas.

Comhairleoireacht

Tháinig 99 mic léinn isteach chun comhairleoireacht a fháil i gcaitheamh na bliana, 27 bhfear agus 72 bhan. Tháinig formhór díobh (71) dá stuaim féin. Mic léinn na céad bliana ab ea an tríú cuid díobh, isteach is amach, agus ba mhic léinn na dara agus na tríú bliana ceathrú díobh an ceann. Mic léinn na 4ú agus na 5ú bliana agus mic léinn iarchéime ab ea an chuid eile. Tugadh idir 1 agus 25 seisiúin chomhairleoireachta i gcásanna a raibh tacaíocht comhairleoireachta leanúnach i gceist. Ba iad deacrachtaí i dtaobh an ceann is fearr a fháil ar an saol, sláinte meabhrach, saincheisteanna acadúla, fadhbanna caidrimh agus aistiú chuig an 3ú leibhéal ba mó a bhí ag daoine a chuaigh faoi chomhairleoireacht ach tá líon na mac léinn ag dul i méad atá ag teacht isteach toisc go bhfuil fadhbanna acu atá ag dul go hollc dá bhfeidhmiú lá go lá. Is mic léinn lánfásta 40%, geall leis, de na daoine a bhíonn ag lorg comhairleoireachta agus is mic léinn ón iasacht 10% díobh bíodh is nach bhfuil sna mic léinn eachtrannacha ach cuid bheag de phobal na mac léinn. Is minic a bhíonn uaigneas i ndiaidh a gclanna agus a gcáirde ag cur isteach orthu le linn dóibh a bheith i dTrá Lí agus dá thoradh sin tá rangú níos airde acu ó thaobh déine na bhfadhbanna atá i gceist. Reáchtáil an comhairleoir roinnt ceardlanna i gcomhair na mac léinn ar ábhair éagsúla.

Séiplíneacht

Is iad spioradáltacht agus cúram tréadach na réimsí is mó a bhíonn an tSéiplíneacht in ITT ag freastal orthu ach bhí ár Séiplínigh sásta i gcónaí ó bunaíodh an Institiúid sa bhliain 1977 freagrachtaí breise a ghlacadh orthu maidir le cóiríocht do mhic léinn, cúrsaí spóirt, maidir leis na cumainn, na carthanais agus cúrsaí airgeadais na mac léinn. Chuaigh a gcuid oibre sin go mór chun tairbhe do na mic léinn, dár bhfoireann agus go deimhin don bpobal i gcoitinne. Bhí foirne tacaíochta tréadacha na mac léinn agus na foirne ag forbairt i gcónaí agus dá bharr sin fuairadar deis ról mór a ghlacadh i gcúram tréadach ar an gcampas. Thiomsaigh na Carthanais €12,956 a tugadh do naoi gcinn de thograí fóinteacha lena n-áirítear iad siúd i Vítneam, i Leosóta agus sa Chéinia. Bhain 105 mic léinn tairbhe as an gCiste Carthanachta ina raibh €40,000 nach mór, tar éis aisiocaochtaí a bheith déanta. Bhí an Séiplíneach ag obair as láimh a chéile leis an Oifigeach Rochtana agus le hAontas na Mac Léinn ar riarachán an Chiste Cúnaimh do mhic léinn de chuid Ciste Sóisialta na hEorpa. Chuir PMDS deis ar fáil i gcomhair cur chuige foirne i leith roinnt tograí comhaontaithe, Éagsúlacht Mac Léinn ina measc. Leag sé seo béim ar bhreis is 40 náisiúntachtaí a bhfuil ionadaíocht acu in IT Thrá Lí.

Gairmeacha

Bhí Oifig na nGairmeacha ag gabháil go príomha d'ullmhú do ghairmeacha trí láithreoireachtaí/cheardlanna ar CV a chur le chéile, ar scileanna agallaimh, le hagallaimh bhréagacha, treorú gairme agus le tionscnaimh fostaíochta d'iarchéimithe trí Aonach na nGairmeacha (27ú Feabhra), trí láithreoireachtaí ó fhostóirí agus ó eagraíochtaí proifisiúnta. Gheibheann Oifig na nGairmeacha tacaíocht luachmhar ó Líonra Comhairleach Gairme de chuid na hInstitiúidí Teicneolaíochta agus ó Graduate Careers Ireland de bharr nascanna proifisiúnta atá acu leo. Deonaíodh ballraíocht de Graduate Careers Ireland d'ITT de thoradh ar aighneacht agus mheasúnú foirmiúil a dhein Oifigigh na heagraíochta sin. Air seo áiríodh cuairt ar Oifig na nGairmeacha san Institiúid. Bhí baint ghníomhach ag Oifig na nGairmeacha sa togra SIF agus sa Chlár Pathfinders. Fuarthas aiseolas luachmhar ó Shuirbhéanna ar Chéimithe i mí Dheireadh Fómhair agus ó shuirbhéanna fadaimseartha a deineadh trí bliana tar éis céim a bhaint amach. Léirigh na torthaí mar a d'éirigh le céimithe fostaíocht a fháil chomh maith le staidéar breise gur thugadar faoi. Fanfaidh sé mar thosaíocht thábhachtach ag Oifig na nGairmeacha líon na gcuairteanna ar an earnáil ghnó agus an earnáil thionsclaíoch a mhéadú.

Tacaíocht i leith Disléice

Thacaigh an Teagascóir Tacaíochta Disléice le 92 mhac léinn a bhfuil disléice (56), difríocht foghlama (10) agus deacrachtaí foghlama (26) orthu le linn 2006/2007. Bhí 32% díobh sa chéad bhliain agus ba mhic léinn lánaibí iad 19% díobh. De bhreis air seo bhain 13 printisigh leas as an tseirbhís seo. Fuair 39 mic léinn maoiniú míchumais as Ciste Sóisialta na hEorpa, méid inár áiríodh €25,000 as Caipitíocht (san áireamh faoi Rochtain-Míchumais). Bhí measúnuithe sícea-oideachasúla tríd an Líonra Náisiúnta Foghlama ag teastáil ó dheichniúr mac léinn chun go gcuirfí san áireamh iad maidir le maoiniú a fháil. Tá brú nach beag ar an tseirbhís agus ar phearsanra eile in ITT: Tá orthu socrúithe speisialta maidir le scrúduithe a dhéanamh do líon mac léinn atá ag fás an t-am ar fad agus caithfear teicneolaíocht chunta ina n-áirítear seomraí acmhainne do dhaoine faoi mhíchumais a chur ar fáil do 33 mic léinn ar an dá champas. Bhí an Teagascóir Tacaíochta Disléice ag comhoibriú i roinnt tograí, PMDS – Transition to 3rd Level agus SIF Assistive Technology san áireamh.

Spóirt

Bhí an clár spóirt dea-fhorbartha ag mealladh mhac léinn chuig gníomhaíochtaí iomaíocha agus fóillíochta i gcónaí. Feabhsófar acmhainn na hInstitiúide chun áiseanna spóirt a chur ar fáil agus go deimhin, chun níos mó mac léinn a mhealladh go Trá Lí go mór de bharr seomraí gléasta a bheith ar fáil a tógadh i mí Eanáir agus de bharr go n-osclofar an pháirc imeartha gainimh i gcomhair cluichí Gaelacha, de réir mar atá súil againn, i mí Mheán Fómhair. Bronnadh scoláireachtaí Institiúide ar mhic léinn i réimse ionadach de gníomhaíochtaí spóirt agus bronnadh sparántachtaí de chuid CLG ó Chomhairle na Mumhan ar thuilleadh acu. Dhein Kennedy Coaches urraíocht ar Pheil Ghaelach d'Fhir. San áireamh i mbuacphointí na bliana seo gur bhliain an-iomaíoch í ab ea gur bhumar Corn Ryan (Iománaíocht) agus Peil Ghaelach Lucht na céad bliana (fir). Chuir na Dámhachtainí Spóirt i mí na Márta críoch cuí ar bhliain an-rathúil dár gcuid ionadaithe ar chúrsaí spóirt na mac léinn.

Na Cumainn

Tá líon na mac léinn a bhíonn rannpháirteach sna cumainn ag dul i méid i gcónaí de thoradh ar an tsárthacaíocht atá á tabhairt ag Oifig na gCumann agus ag Aontas na Mac Léinn. Tugadh faoi réimse leathan gníomhaíochtaí a chothú i measc na mac léinn i ndiaidh Lá na gCumann a chur ar siúl i mí Mheán Fómhair. Cuireadh íomhá na hInstitiúide chun cinn go mór tríd an ngné-alt seachtainiúil College Life sa Kerryman agus de thoradh ar an gcomórtas ceoil IT Factor go háitiúil agus sa mbabhta deiridh in IT Phórt Láirge go náisiúnta. D'éirigh go hiontach le hócáid nuálaíoch Cúlú Tarracóra ó Bhéal Feirste go Trá Lí, a bhuíochas le mic léinn Innealtóireacht Talmhaíochta in IT Thrá Lí agus le mic léinn Choláiste Harper Adams sa R.A. Bhí tigh lán roimh an gCumann Drámaíochta san Institiúid agus léiriú den scoth á thabhairt d'Oíche Dámhachtainí na gCumann i mí na Márta, ócáid ag a raibh Kate Kennelly, oifigeach ealaíon Chomhairle Chontae Chiarraí, mar aoíchainteoir. Ba í an ócáid chuí í chun luach a saothair a thabhairt do mhic léinn agus do bhaill foirne as a gcuid sáeroibre sna cumainn ar fud na bliana.

TUAIRISC AR ACMHAINNÍ DAONNA

I mbun Seirbhíse ar feadh 25 bliana

Tugadh aitheantas do roinnt ball foirne as seirbhís 25 bliana a bheith curtha isteach acu don Institiúid.

Scor

Is mian linn aitheantas a thabhairt, leis, do bhaill den bhfoireann a chuaigh ar scor le linn na Bliana Acadúla 2006/2007 as an obair a dheineadar don Institiúid.

Cúrsaí Oiliúna

Reáchtáladh na cúrsaí oiliúna seo a leanas i gcaitheamh na bliana. Bhí freastal maith orthu agus fuarthas aiseolas breá ina dtaobh:

- Scileanna ceannaireacht foirne
- Scileanna maoirseachta
- Garchabhair ag an obair
- Scileanna scríbhneoireachta éifeachtúla
- Láimhseáil láimhe
- Traenáil in úsáid difhibrileora
- Traenáil i nGarchabhair ag an obair
- Scríobh Proifisiúnta Tuarascála
- Seimineár ar Reachtaíocht Fostaíochta
- Seirbhís don gCustaiméir
- Strus ag an obair a láimhseáil
- Strus, Bulaíocht agus Ciapadh
- Scileanna Láithreoireachta
- Scileanna Agallaimh (Lucht gráid 6 agus 7)
- Tuiscint a fháil ar Chórais Teasa Fuinnimh Inathnuaite
- Seimineár Pleanála Scoir
- Seisiúin Feasachta ar Bhulaíocht agus Ciapadh
- Oiliúint ar Láimhseáil Bulaíochta agus Ciaptha
- Oiliúint maidir le Bulaíocht agus Ciapadh – Lucht gráid 6 agus 7)

Saoire Shabóideach

D'éirigh le hiarratas beirt bhall den bhfoireann ar shaoire shabóideach i gcomhair na bliana acadúla 2006/2007.

Saoire sa Bhliain Scoile

Bhain ceathrar bhall den bhfoireann leas as Saoire sa Bhliain Scoile sa samhradh 2007.

Beartas maidir le Bulaíocht agus Ciapadh

I mí na Márta 2007 thug an Institiúid isteach Beartas nua maidir le Bulaíocht agus Ciapadh. Cuireadh seisiúin Feasachta agus Oiliúint ar siúl ag beirt shaineolaithe ón taobh amuigh, is é sin, Jacinta Kitt agus Sue Corbett.

Tar éis don réamheolas ar an mBeartas Bulaíochta agus Ciaptha a bheith tugtha cuireadh an traenáil seo a leanas i gcrích:

- ASeisiúin Feasachta don bhfoireann ar fad
- Oiliúint Bainistíochta – “Ag cruthú Timpeallacht Oibre Dhearfach/Éifeachtach. Maoirseoirí agus Bainisteoirí a chumasú”
- Oiliúint do Lucht gráid 6 agus 7-“Cosc a chur ar Bhulaíocht agus ar Chiapadh san áit oibre agus tabhairt fúthu”
- Oiliúint don Oifigeach Teagmhála – “Bulaíocht agus Ciapadh san áit oibre”

TUAIRISC AIRGEADAIS

Dhearbhaigh an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste na ráitis airgeadais don mbliain dár críoch 31 Lúnasa 2007 ar an 24 Lúnasa 2008. Ullmhaítear na ráitis airgeadais, a bhfuil sleachta díobh leagtha amach anseo thíos, de réir phrionsabail chuntais a nglactar go forleathan leo faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil (ach amháin sócmhainní áirithe a chuirtear san áireamh ag an luacháil) agus de réir riachtanais an Aire Oideachais & Eolaíochta.

Ioncam & Caiteachas

Taispeánann torthaí na bliana go bhfuil farasbarr oibríochta de €1,736 míle, rud a chruthaíonn farasbarr carnach de €6,488 míle go dtí 31 Lúnasa 2007.

Tá ardú 15.4% go dtí €34,344 míle ar ioncam na bliana seo, méid ar a n-áirítear deontais stáit de €20,734 míle agus táille theagaisc de €5,038 míle. Is é caiteachas reatha na bliana seo €32,068 míle, ar a n-áirítear costais foirne de €23,390 míle. Leithdháileadh €246 míle ón deontas stáit athfhillteach chun caiteachas caipitiúil a mhaoiniú.

Cuntas Caipitil

Fuair an coláiste sócmhainní seasta de €1,661 míle in iomláine i rith na bliana. Ba é muirear dímheasa na bliana ná €2,416 míle agus bhí glanluach na sócmhainní inláimhsithe ar an 31 Lúnasa 2007 laghdaithe go dtí €46,252 míle.

Talamh & Foirgintí

Tá sé i gceist ag an Oifig Luachála luacháil iomlán a dhéanamh ar Thailte & Foirgintí agus ar chríochnú dóibh déanfar na luachanna a dhearbhófar a ionchorprú sna ráitis airgeadais. Nó go dtiocfaidh toradh ar an mbeart sin, déanfar an talamh a luacháil ar náid agus déanfar na foirgintí a luacháil ar bhonn costais athsholáthair dímheasa. Deineadh sócmhainní seasta eile a bhí ann i mí Eanáir 1993 a luacháil ar bhonn luacháil an mhargaidh oscailte chun iad a úsáid anois. Ráitear gach breis ina dhiaidh sin ar a costas féin.

TUAIRISC AIRGEADAIS

Cuntas ar Ioncam & ar Chaiteachas don mbliain dar críoch 31 Lúnasa 2007


Ioncam	2007 €'000	2006 €'000
Deontas Stáit	20,734	17,386
Aistriú ón gCuntas Caipitil	2,416	2,698
Táillí Teagaise	5,038	4,488
Táillí Caipitíochta	1,749	1,623
Taighde, Comhairleoireacht agus Forbairt	939	537
Ioncam Úis	156	98
Ioncam Eile	3,312	2,915
	<hr/>	<hr/>
Caiteachas	34,344	29,745
Ranna Acadúla	19,140	17,510
Seirbhísí Acadúla	1,832	1,595
Foirgneamh	2,806	2,170
Riarachán Lárnacha agus Seirbhísí	4,280	3,823
Áiseanna agus Saoráidí do Mhic Léinn	682	591
Costais Ghinearálta Oideachais	531	518
Taighde, Comhairleoireacht agus Forbairt	921	546
Dímheas	2,416	2,698
	<hr/>	<hr/>
	32,068	29,451
FARASBARR /(EASNAMH) OIBRÍOCHTA	1,736	294
ARNA AISTRIÚ GO DTÍ CÚLTAISCE TEORANTA	(397)	(347)
FARSABARR CARNACH 1 MEÁN FÓMHAIR	5,149	5,202
	<hr/>	<hr/>
FARASBARR CARNACH 31 LÚNASA	6,488	5,149
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>

TUAIRISC AIRGEADAIS


Clár Comhordaithe amhail ar an 31 Lúnasa 2007

	2007	2006
	€'000	€'000
Sócmhainní Seasta		
Sócmhainní Inláimhsithe	46,252	47,007
Sócmhainní Reatha		
Fiachóirí	3,901	2,894
Airgead sa bhanc agus ar láimh	7,283	5,458
	11,184	8,352
Creidiúnaithe		
Méideanna dlite laistigh de bhliain	(4,573)	(2,490)
Glansócmhainní Reatha	6,611	5,862
Sócmhainní Iomlána Lúide Fiachais Reatha	52,863	52,869
Arna léiriú ag		
Cúltaisí		
Cuntas Caipitil	46,252	47,007
Cúltaisí Teoranta	123	713
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	6,488	5,149
	52,863	52,869


Ioncam




Caiteachas Caipitil



Foinsí Deontaisí Caip



Caiteachas



DUALGAISÍ REACHTÚLA & FÓGRAÍ EILE

Cód Cleachtais do Rialú Eagraíochtaí Stáit

Ghlac an Institiúid leis an gCód Cleachtais do Rialú Eagraíochtaí Stáit, a d'fhaomh an Rialtas, Deireadh Fómhair 2001, agus táthar tar éis céimeanna a thógaint chun a chinntiú go gceolfadh an Institiúid leis an gCód.

Achtanna um Shonraí a Chosaint, 1988 agus 2003

An aidhm atá le hAchtanna um Shonraí a Chosaint ná príobháideachas sonraí pearsanta an duine atáthar á phróisiú a chosaint. Dlitear cearta sna hAchtanna do dhaoine ar leith chun cóip a fháil de gach sonra pearsanta a bhaineann leo agus atá ar coimeád ag an Rialaitheoir Sonraí. Is Rialaitheoir sonraí i Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí agus cloítear leis an reachtaíocht.

Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001

De réir Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001 soláthraíonn na baill den mBord Rialaithe ráitis leasa don Rúnaí gach bliain.

Comhionannas

Tá an Institiúid tiomanta don pholasáí um dheiseanna comhionannais agus glacann le cur chuige dearfa i leith chomhionannas san eagrais. Oibríonn an Institiúid méid áirithe scéimeanna, agus roghnaithe á soláthar acu do bhaill foirne maidir lena riachtanais phearsanta agus ghairm bheatha, mar atá, páirtíú in obair, saoire staidéir, cláir oideachais agus sosanna gairme.

Éifeachtacht Fuinnimh

Táthar ag féachaint san Institiúid ar bhealaí chun éifeachtacht fuinnimh a fheabhsú laistigh den Institiúid.

Achtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003

Cuirtear forálacha an Achta um Saoráil Faisnéise 1997, a leasíodh trí Acht um Saoráil Faisnéise 2003 (Leasaithe) i bhfeidhm san Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí. Tháinig an Institiúid faoi théarmaí tagartha an Achta um Saoráil Faisnéise, ar an 1 Deireadh Fómhair 2001.

Bunaítear trí cheart reachtaíochta do gach duine sa phobal san Acht sin, mar atá:

- An ceart ar thaifead atá ar coimeád ag boird phoiblí a rochtain,
- An ceart ar eolas pearsanta a bhaineann leis an duine féin a leasú nuair a bhíonn sé neamhshlán, mícheart nó sa chás go mbeadh sé míthreorach, agus
- An ceart ar chúiseanna a fháil maidir le cinntí a thógann boird phoiblí a bhaineann leis an duine féin.

Official Languages Act, 2003

Achta na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Foilsítear Tuarascálacha Bliantúla na hInstitiúide i bhfeidhm ó 2002/2003, Ráitis Airgeadais agus cáipéisí eile lena mbaineann go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla, ag cloí le forálacha ginearálta an Achta.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Leasíodh an tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997 (An tAcht) a tháinig i bhfeidhm 2 Eanáir 1998, ag Rialacha na gComhphobal Eorpacha 2002 (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála).

Déantar cleachtais íocaíochta na hInstitiúide a thuairisciú

anseo thíos don mbliain dar críoch 31 Lúnasa 2005 fé mar a éilítear san Acht.

- (a) Tá sé mar pholasáí ag Institiúid Teicneolaíochta Trá Lí a chinntiú go n-íocfar gach sonrasc go pras. Tá sain-nósanna imeachta ann a chuireann ar chumas na hInstitiúide gach sonrasc a rianú agus a chinntiú go ndéanfar na híocaíochtaí roimh an spriocdháta. Cláraítear sonraisc go laethúil agus eisítear seiceanna/EFTanna fé mar is gá chun íocaíochtaí tráthúla a chinntiú.
- (b) Comhshnaidhmítear sa chóras rialaithe inmheánaigh srianta agus nósanna imeachta a meastar a bheith riachtanach chun a chinntiú go gceolfar leis an Acht. Áirítear i gcóras rialaithe inmheánaigh na hInstitiúide cuntasáíocht agus srianta ríomhaireachta chun a chinntiú go n-aithnítear sonraisc chun íocaíocht a dhéanamh laistigh de na spriocdhátaí íocaíochta a shainmhíneáir de réir an Achta. Deineadh na rialúcháin sin a dhearadh mar chinnteacht réasúnta, ní cinnteacht iomlán, i gceoinne neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta. Deineann Roinn na gCuntas tuairisc a shainaithníonn sonraisc nach bhfuil íochta agus atá amuigh fós agus athbhreithnítear an tuairisc sin go rialta.

Is deimhin leis an lucht bainistíochta gur chloígh an Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí, le forálacha an Achta i ngach gné ábhartha.

Níor tháinig aon fhorbairt ábhartha chun cinn ó 1 Meán Fómhair 2006.

Sonraí na n-íocaíochtaí déanacha faoin Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997.

96 an t-iomlán d'íocaíochtaí déanacha a raibh luach sonraisc níos mó ná €317 ag gabháil leo.

€875,713 an luach iomlán de shonraisc maidir le híocaíochtaí déanacha de bhreis ar €317.

Ba é meánlón na laethanta a ndearnathas moill san íocaíocht ná 33 lá.

Acht um Shábháilteacht, Sláinte & Leas ag an Obair 2005

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte & Leas ag an Obair 2005 tá ráiteas sábháilteachta ullmhaithe ag an Institiúid a chuimsíonn na gnéithe go léir a bhaineann le leas na foirne, na mac léinn agus na gcuariteoirí.

TUILLEADH GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Thionóil an Stiúrthóir cruinniú eolais don bhfoireann ar an 4ú Meán Fómhair 2006.

Reáchtáladh seirbhís i mí Mheán Fómhair in ómós do Tony Callaghan gur bhall den mBord Rialaithe é. Ar dheis Dé go raibh a anam.

D'oscail an Taoiseach Parthalán Ó hEachthairn, na Páirceanna Imeartha Uile-Aimsire ar an gCéadaoin 20ú Meán Fómhair 2006.

Foilsíodh glaoch ar léirithe suime ó Lucht Forbartha sna páipéirí nuachta agus ar shuíomh idirlín e-tenders do chomhpháirtithe ionchasacha sa bhforbairt chaipitil ar an gCampas Thuaidh.

Deonáiodh €9.6 milliún as Ciste Nuálaíochta Straitéisí do Chuibhreannas na Sionainne atá comhdhéanta d'Ollscoil Luimní, Coláiste Mhuire gan Smál, Institiúid Teicneolaíochta Luimní agus IT Thrá Lí. Dob é seo an deontas ba mhó da dtugadh agus is ionann é agus 23% den maoiniú iomlán atá á chur ar fáil. Chuir earnáil na nInstitiúidí Teicneolaíochta ina bhfuil 13 Institiúidí chomh maith le IT Bhaile Átha Cliath aighneacht isteach i gcomhar lena chéile agus tugadh €3.8 milliún as an gciste dóibh.

Reáchtáladh ócáid bhliantúil Bronnadh na gCéimeanna de chuid na hInstitiúide Dé hAoine 26ú Deireadh Fómhair 2006 in Óstán Bhréanainn.

Táimid buíoch don Uasal Dick Spring as sraith 30 imleabhar de "The Laws of England" le Halsbury a bhronnadh don Leabharlann.

Bhí páirt nár bheag ag an Institiúid i gComhdháil AEHT (Association Européenne des Ecoles d'Hôtellerie et de Tourisme_ in Óstán Gleneagle i gCill Áirne. D'fhreastail 650 toscaire ar an gComhdháil seo.

Bhuaigh Fluirse, gurb í cuideachta nua meáin in Ionad Gnó Tom Crean í, an babhta deiridh réigiúnach de Chomórtas Fiontraí na Bliana de chuid Shell Livewire.

D'fhaomh an Bord Rialaithe moladh ón gComhairle Acadúil go 'nglacfadh an Institiúid le struchtúr modúlach dá cuid cláracha chun go ndéanfaí iad a sheachadadh i bhformáid sheimeastraithe de réir na bPrionsabal lánach a d'fhorbair an Chomhairle (ach amháin do sna cláracha a sholáthraítear mar chuid de shocrú náisiúnta, m. sh. Printiseacht de chuid FÁS nó Fáilte Éireann).

Gabhadh comhghairdeas leis an Dr. Muiris Ó Laoire ar dó Comhaltacht onórach a fháil ó Institiúid na Teanga Maori.

Chuir an tAire Oideachais agus Eolaíochta a lámh le hAcht na nInstitiúidí Teicneolaíochta 2006 i mí Eanáir 2007.

Bhuaigh IT Thrá Lí Corn ITT/ Fhlannáin Naofa.

Bhuaigh IT Thrá Lí Corn Uí Riain.

Cuireadh lámh le Meamram Tuisceana le Seirbhísí Oideachais Chiarraí.

Cuireadh tús le tógáil an chrèche i mí na Márta 2007.

I mí an Mheithimh 2007 fuarthas cead glaoch ar thairiscintí a chur amach i gcomhair na Leabharlainne agus an Ionad Acmhainne.

Cuireadh lámh le Meamram Tuisceana le Bráithre Eoin Dé agus tá Mic Léinn Eoin Dé socraithe i saol an choláiste.

